Raidió Fáilte – beireann buan bua

GEARÓID Ó CAIREALLÁIN

BHÍ me thall in New Orleans nuair a fuair mé an scéala gur dheonaigh na húdaráis ceadúnas chraolacháin do Raidió Fáilte. Is dócha gur lár an lae a bhí ann in Éirinn ach bhí mé féin agus an criú teilifíse a bhí liom ar tí tús a chur leis an lá oibre, mar sin b'éigean an chúis cheiliúrtha a chur as mo cheann.

Níorbh fhada mé i mbun scannánaíochta agus agallaimh le cuid acu siúd a bhí thíos le Hairicíní Katrina agus Rita go raibh gach smaoineamh ar raidió Gaeilge i mBéal Feirste dearmadta agam. Ar theacht ar ais dom, áfach, tuigeadh dom méid agus tábhacht an bhirt atá déanta ag Ofcom Shasana.

Chóir a bheith bliain ó shin a lóisteálamar an t-iarratas le haghaidh ceadúnas pobail de réir na reachtaíochta a foilsíodh, ach tá an feachtas chun raidió Gaeilge a bhaint amach i mBéal Feirste ag dul ar aghaidh le breis agus fiche bliain.

Cailleadh an chéad iarracht nuair a dódh an Ardscoil i 1985.

Geineas darb ainm Tarlach Ó Mealláin a thóg an chéad chraolacháin dúinn ó bharra buidéil bháinne, trí phíosa sreinge agus bolgán solais. Níor oibrigh sé riamh agus bhí oifig an nuachtáin seo faoi léigear i rith an lae Lá Fhéile Pádraig 95 ag Gaeil fhrustráilte a bhí i ndiaidh an dé deiridh a bhaint amach ag éirí an comhartha a aimsiú.

Fadhbanna teicniúla a bhí againn a chuir bac ar an chomhartha dul amach, ach níor chuir sin bac ar bith ar fhear amháin a ghlaoigh isteach le rá go raibh se ag éisteacht linn ó mhaidin agus ag baint ardsuilt as an soláthar! Ní raibh sé de mhisneach riamh agam a rá leis gur le stáisiún éigin eile a bhí a chluas...

Thosaíomar ag craoladh ar an mheántonn i ndiaidh dúinn oifigí nua a bhaint amach i Muileann Mhic Chon Mhidhe, tamall de bhlianta i ndiaidh an dóiteáin. Is cuimhin liom gur chuartaigh na Sasanaigh an carr agus mé ag tabhairt an tarchuradóir isteach. Bocsa trom miotail a bhí ann agus thóg an saighdiúir an diabhal rud amach as an charr le féachaint thart sa chófra cúil – ansin chuir sé an rud ar ais arís!

Shocraíomar tús a chur leis an athlánsáil le tús na bliana úire – 87 a bhí ann, sílim, nó 86 – féacháil le raidió Gaeilge a chraoladh gach lá feasta. Agus cionn is go rabhamar cinnte dearfa de go dtiocfadh na saighdiúirí agus na póilíní isteach sa mhullach orainn chomh luath in Éirinn is a chuala siad na chéad fhocail dár dteanga bhinn dhúchais ag smálú na n-aerthonnta, dhruideamar an geata trom chun tosaigh agus thóg baracáid taobh istigh. Ar a laghad, bheadh deis againn glaoch a chur ar na nuachtáin sular tugadh ar shiúl go príosún sinn...

Thosaigh an craoladh go breá, ach níor tháinig an ruathar. Chuaigh duine amháin againn chomh fada leis an bharracáid, ach bhí gach rud ciúin. Ansin, chun dúshlán na namhad a thabhairt, d'osclaíomar an geata trom ar feadh tamaill bhig. Faic. Maidin chiúin sheaca a bhí ann, an chéad lá den bhliain úr, agus ma bhí na Gaill lag éisteacht linn ní raibh siad ag cur sonrú ionainn.

Sa deireadh, bhaineamar an bharacáid as a chéile agus chaith eamar comhlaí an gheata agus bhuaileamar amach chun agallamh a chur ar mhuintir Bhóthar na bhFál agus leis an scéala a fhógairt go raibh raidió na Gaeilge beo i mBéal Feirste.

I rith na mblianta cruthaíodh patrún: gheobhfaí trealamh, chuirfí an stáisiún ar bun, reáchtálfaí é ar bhonn deonach go dtí gur theip ar an trealamh nó gur theip ar an fhuinneamh. An t-am sin sa Mhuileann mhair an iarracht bliain go leith, nach mór gan stad.

Am eile sa Chultúrlann mhair sé bliain.

Amanna eile níor mhair sé ach dornán míonna, dreas seachtainí uaireanta. I gcónái, áfach, coinníodh an drithle beo. I gcónaí cuireadh stiúidió le chéile as caschláir cheirníní, téipsheinnteoirí, miceanna, agus cibé eile go dtiocfadh linn lámh a leagan air saor in aisce. Agus i gcónaí thóg duine éigin tarchuradóir, nó bhronn duine éigin ceann orainn.

Lá amháin go luath sna nóchaidí thóg mé an guthán agus bhí duine ó rialtas na Sé Chontae ar an taobh eile ag lorg cruinnithe liom féin agus le Séamas Mac Seáin. Ghlacamar leis gur maidir leis an Mheánscoil a bhí sí ag glaoch nó bhí an bheirt againn sáite san fheachtas chun aitheantas a bhaint amach don institiúid sin. Ach ghlaoigh an bhean ar ais le rá gur Raidió Feirste cúis an chruinnithe.

San am seo bhí an raidió ar obair breis agus bliain agus fuinneamh mór tríd an rud ar fad.

Dúirt na státseirbhísigh ag Stormont gur ghá dúinn éirí as an chraoladh bhradach, glacadh le ceadúnas sealadach ocht lá is fiche, agus barántas a thabhairt nach gcraolfaimis ar neamhchead choíche arís.

Dá gcraolfaimis go mídhleathach chuirfí bac ar mhaoiniú do scéim ar bith a raibh baint agamsa leis – agus san am sin bhí baint agam le go leor scéimeanna.

Mar sin i ndiaidh an ocht lá is fiche, d'éiríomar as an chraoladh. Ar feadh na mblianta ina dhiaidh sin thógamar ceadúnas sealadach ó am go ham, ach cailleadh fuinneamh na hiarrachta moiré sin. Déarfainn go raibh fiche duine bainteach leis an raidió an t-am sin, daoine óga a bhformhór a raibh baint acu fosta leis an Chultúrlann, le hAisteoirí Aon Dráma, le Meánscoil Feirste, agus leis an iarracht chun comhlacht léiriúcháin teilifíse a bhunú.

Cúig bliana ó shin shoc-raíomar nárbh fhiú bheith ag bacadh le ceadúnais sheala-dach níos mó.

Le hairgead a fuarthas mar urraíocht, ceannaíodh tarchuradóir nua agus trealamh stiúidió bunúsach.

D'fhógamar go mbeimis ag tosú go lánaimseartha agus go mbeadh fáilte roimh chuidiú. Thainig slua mór daoine le chéile, agus chraolamar bliain go leith go dtí gur scaipeadh an fuinneamh.

Mol an Óige agus Craolfaidh Siad. Beirt den ghasra a bhí páirteach i gcraoladh Raidió Feirste

Anois, agus ceadúnas againn, beimid ar ais. Cuir-fear plean gnó agus gníomh-aíochta le chéile agus lorgófar tacaíocht airgid. Earcófar foireann lánaimseartha, páirtaim-seartha agus deonach. Tús an tsamhraidh 2007 an sprioc, sé mhí as seo. An iarraidh seo beidh linn.

Gluais

ceadúnas chraolacháin – broadcasting license
tarchuradóir – transmitter
sprioc – target



Tóg síntiús agus ná híoc ach
61c nó 43p in aghaidh an lae!
(80c nó 50p sa siopa)

Síntiús Siopa:	míosúil	bliantúil
6 Contae:	£8.50	£102
26 Contae:	€12.75	€147
Síntiús poist:	**míosúil**	**bliantúil**
6 Contae:	£12.30	£148
26 Contae:	€14.25	€171
An Bhreatain:	£12.30	£148

Déan teagmháil le Fergus ag
074 9560344
sintius@nuacht.com

Bláthanna

Clár Oideachais Ealaíon
Arts Education Programme

PART-TIME COURSES
Ceol/Music
Damhsa/Dance
Amhrán/Song
Drámaíocht/Drama
Ealáin Amhairc/Visual Art
Scríbhneoireacht
Chruithaitheach/Creative Writing

PLACES ARE LIMITED

Further information and application forms available

Bláthanna
An Gaeláras
24 Mórshráid Shéamais
Doíre
T: 028 71 264132
E: blathanna@gaelaras.ie

A unique opportunity to participate and enjoy a rich curlutural experience!

Deis uathúil chun sult a bhaint as blas saíbhir den chultúr!